ÁRA MÓR

Banaltra a ḋíṫ go géar

Nuair a ṫáinig an scéala go raiḃ an dara banaltra le ceapaḋ i gCloiċeannaola méadaiġ ar an mí-ṡásaṁ atá in Árainn Móir le cúpla bliain anuas. Ní hé go raḃar ag éad le Gort a' Ċoirce, táṫar lán t-sásta go mbeaḋ an darna banaltra ansin, má tá sí de ḋíṫ, aċ, deir aċan ḋuine ar an oileán gur mó i ḃfad atá banaltra i ḋíṫ in Árainn, fiú aṁáin, ná mar atá i gCloiċeannaola.

Aċ, nuair atá an scéala ann go ḃfuilṫear leis an dara banaltra a ċeapaḋ i gCloiċeannaola, gus gan duine ar biṫ a ċur isteaċ go hOileán Árann, tá mí-ṡásaṁ na ndaoine ag méadú ar fad.

Laḃair ár gcoṁfreagarṫóir ansin, le aċan cineál daoine, agus ba é an scéala céanna ḃí acu uiliġ — Is cuma le duine ar biṫ fá ṁuintir Áranna. Agus níl ceart ná coṫrom le fáil aċ oiread.

"Dá mbeaḋ meas ar biṫ acu orainn, arsa fear teaġlaí aṁáin, "ní ḃeaḋ an t-oileán mí aṁáin gan banaltra. Tá ḟios ag aċan ḋuine ċoṁ riaċtanaċ agus atá sé go mbeaḋ banaltra in aċan áit, aċ is measa i ḃfad an scéal ar an oileán, an áit naċ dtig duine tinn a ṫaḃairt amaċ go tobann, nó b'ḟéidir naċ dtiocfaiḋ é ṫaḃairt 'un Ospidéil."

"Tá banaltra i ḋíṫ ansin níos mó ná áit ar biṫ eile sa tír."

Ḃí an scéal céanna ag luċt graiṫe ar an oileán. "Ní ċuirfí suas lena leiṫéid seo i Meiriceá ná i dtír ar biṫ eile, aċ san áit seo," arsa fear graiṫe aṁáin.

IASCAIRÍ

Tá na hiascairí níos tógṫa ná duine ar biṫ, má tá saol boċt dainséaraċ go leor ag an iascaire, agus go minic caiṫfiḋ sé ḃeiṫ seal fada ar ṡiúl óna ḃaile féin, agus bíonn sé ag smaoineaṁ ar ḃean a' tí sa ḃaile. Léi ḟéin. Nár ṁór an sólás do ḋuine mar seo, dá mbeaḋ ḟios aige go raiḃ banaltra le fáil ar an oileán agus dá dtigeaḋ fiaċaḋ leis, go dtiocfaḋ leis an ḃanaltra freastal ar ḋuine tinn ar biṫ.

Ní h-iontas go ḃfuil pobal Áranna ag titim go tubaisteaċ le blianta beaga anuas, arsa fear eile, más seo a ḃfuil de ċúram ag na h-údaráis dúinn.

POLAITÍOĊTA

"Graiṫe polaitíoċta dearg glan atá ann," arsa fear tuisceanaċ eile. "Tá daoine ann a ṡíleas naċ ḃfuil siad a fáil ḃóṫaí go leor in Árainn, agus níl siad sásta láiṁ a ṫógáil le ḋaṫ ar biṫ a ḋéanaṁ fá ċoinne an oileáin seo. Aċ, is náire ṡaolta é an t-oileán a ḃeiṫ trí bliana gan banaltra."

NA MNÁ

Ar ndóiġe. Ḃí na mná uiliġ ar an ḟocal aṁáin fá dtaoḃ de. "Is náire ṡaolta é naċ ḃfuil an méid sin de ċúram le fáil againn istiġ anseo, san áit is mó a ḃfuil sé i ḋíṫ, agus muna ḃfuil ann aċ páiste éirí tinn, ṫiocfaiḋ beaṫa an ṗáiste a ṡáḃáil dá mbeaḋ banaltra istiġ le aire ṫaḃairt dó in am, an uair naċ mbeaḋ seans é ṫaḃairt ċuig an Ospidéal."

POBAL 900 DUINE

Goidé is cóir a ḋéanaṁ? Sin an ċeist atá aċan ḋuine a ċur. Táṫar a' rá gur ċeart cruinniú poiblí a ḃeiṫ ann, agus iarraiḋ ar ḋaoine poiblí a ṫeaċt isteaċ, agus ceist a ċur lom díreaċ orṫa, goidé tá siad a ḋul a ḋéanaṁ.

Tá corraḋ le 900 daoine in Árainn. Ḃíoḋ banaltra de ċuid na Sasana acu go dtí le trí nó ceiṫre bliana ó ṡin. Nuair a fuair an ḃanaltra deireanaḋ bás ní ċuideóḋ an t-eagras Sasanaċ duine eile a ċur ina h-áit. Níor ġlac Coṁairle Co. Ḋún na nGall cúram ar biṫ, le féaċaint go mbeaḋ banaltra ann.

Banaltra eile do Ċloiċeannaola

Tá banaltra eile faoi ċoṁairle Condae Ḋún na nGall do ċeantar Ċloiċeannaola, le ceapaḋ, agus beiḋ a príoṁ ionad i nGort a' Ċoirce.

Noċtaíoḋ an scéal seo an tseaċtain seo ċaite, agus ḃí sásaṁ mór fríd ċeantar Ċloiċeannaola, mar tá géarġá le seirḃísí banaltra san áit.

I litir ón Ḃainisteoir Condae ċuig Cormac Ó Ḃreisleáin, Leas Ceann Ċoṁairle, noċtaíoḋ an scéal go raiḃ an banaltra eile le ceapaḋ i nGort a' Ċoirce.

Tá an Ḃainisteoir agus an Coṁairle Condae sásta an ḃanaltra a ċeapaḋ agus h-iarraḋ údarás ón Roinn fána ċoinne.

Ċoṁ lua agus a ġeoḃfar an t-údarás seo ón Aire Sláinte, iarrfaiḋ an Ḃainisteoir Condae iarratais fá ċoinne an ṗoist.

Is maiṫ an rud é seo gan aṁras, mar, mar dúramar go minic, tá sé in am againn a ḃeiṫ ábálta íoc as ár gcuid seirḃísí féin.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.

Eisean — An ḃfuil d'intinn socraiṫe agat anois eitileoir a ṗósaḋ?

Ise — Tá gan aṁras. Ní ḃeaḋ fear ar biṫ ar ṫalaṁ maiṫ go leor doṁ-sa!

An Rinn

Ar aon ċuma, níor imiġ mná tuaiṫe an domain as Éirinn gan ḟios a ḃeiṫ ag mórán acu go ḃfuil a teanga féin ag Éirinn. Ṫug scata do na mná seo cuairt ar an Rinn, agus ċuir an Ċraoḃ áitúil fleaḋ mór, idir bia agus ceol, aṁráin agus rinnce, ar fáil dóiḃ. Ḃí na mná iasaċta seo ana ṡásta bualaḋ le fíor ṁuintir na hÉireann, agus teanga na hÉireann a ċloisint dá laḃairt. Ċuir Nioclás Tóibín agus Labras Draper agus Séamas Ó Coċgaiġ, sár ċoirmċeoil ar fáil do na cuairteoirí, agus ní raiḃ seaċrán ar biṫ ar na cuairteoirí céanna faoi. Nár ḋeas mar léirmeas é ar cuid de bantraċt tuaiṫe faisiúnta Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

Tá áṫas ar pobal na Rinne go ḃfuil cuid de na coṁarṫaí bóṫar ag dul suas i nGaeilge, ṫart timpeall na Rinne san am i láṫair, rud a ḃí ag teastáil go géar le fada an lá. Is mó gearán a deineaḋ fá na coṁarṫaí céanna. Ċuaiġ toscaireaċtaí ċuig an Coṁairle Condae, agus scríoḃaḋ litreaċa agus eile, aċ go dtí ar na fíor ṁallaiḃ, níor tugaḋ áird orṫa. Stracaḋ anuas cuid de na coṁarṫaí bóṫar Béarla, agus tá toraḋ éigin ar an obair anois.

Is Gaeilgeoir as Co. na Gaillime an Ḃainisteoir Condae anois, agus tá sé na ċónaí ag an Nelbic. Is Gaeilgeoir Innealtóir Ċondae Ṗortláirge, ċoṁ maiṫ. Is breá an rud "Géill Slí" a ḟeiceáil ag cros-ḃóṫair na Rinne in áit "Yield right of Way," a ḃí ann go dtí seo.

Lá mór sa Rinn a b'ea é Saṫarn seo caite, 9ú Deire Fóṁair, nuair a pósaḋ Máire Ní Ṁuanaiġ, O.S., iníon de Donnċa Ó Muanaiġ agus a ḃean. An Rinn, ar Roibéard Ó Clansaí, duine de na "Bráiṫre Clansaí" (Bobbie) as Carraig na Siúire. I Séipéal San Nioclás, An Rinn, a ṗósaḋ iad. An tAṫair Miċeál Ó Cinnéide, S.C., An Rinn a ṗós iad de Aifreann an Pósta agus Beannaċt an Pápa. Tomás Clansaí, dreaṫár an ḟir agus Carmel Ní Ṁuanaiġ, drifiúr na bríodeoige, a ṡeas leo. Ḃí bainis mór ar an tsean nós ag cónaí Bean Uí Ċonaill drifiúr na Clansaí, agus ḃí na céadta aige. Puball a ḃí acu ċuige agus ar an scorṫa ḃí luċt ceoil cliúiteaċ go léir.

Uiḃ Ráṫaċ

Ḃí an t-aonaċ is measa le fada an lá i gCaṫair Saiḋḃín an mí seo agus gan mórán éileaṁ ar an stoc a ḃí ar tairiscint.

Beiḋ craoḃ ċluiċe Ciarraí Ṫeas, sa Ṗeile Dia Doṁnaiġ seo ċugainn, 17ú Deire Fóṁair ag Páirc Ċéitinn le Miċeál Ó Duṫaiġ mar moltóir — cuireaḋ siar é ar iarratas ó foirinn Éireannaiġ Óga, Dairbre, a ḃí cúpla imreoir gann.

Cinn Ḃord Ciarraí Ṫeas de Cumann Lúṫ Ċleas Gael. ag éirí as rudaí a ṫárla sa gcluiċe idir Baile an Sceilg agus Naoṁ Muire go gcuirfí an dlí feasta ar aoinne den luċt féaċána a ḃuailfeaḋ imireoir nó oifigeaċ i gcluiċe fé Ḃord Ciarraí Ṫeas.

Dá ṫaisme brónaċ — maraíoḋ Proinsias Ó Súilleaḃáin (19) ó Ceann na Trá, Caṫair Saiḋḃín ag obair i monarcain i nGaillim agus tugaḋ an corp na ḃaile gur hadlacaḋ é i gCaol na ḃFear nÓg. Maraíoḋ Miċeál Ó Conċúir as Ardán Naoṁ Iosep i dtaisme bóṫair i nGloucestershire i Sasain agus hadlacaḋ ansin é.

Cill Ċárṫa

D'inis an t-Innealtóir Condae, M. Ó Conaill, do S. C. Orange, ag cruinniú de Ċoṁairle Condae Dún na nGall, Dé Luain, go ndéanfaí deisiú ar bóṫar Dúnáin, Cill Ċárṫa, ċoṁ lua agus ab' ḟéidir.

CIÁR RADIO

Deardaoin — 5.01, Mac an Adha. 5.15, Choir. 5.30, The Second Siege of Limerick. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoin. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Question Time in Cork. 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Is e Seo m'Oilean. 8.1, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.1, Breaking the Barrier. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Today in the Seanad. 10.45, Recital.

Dé hAoine—5.1, Heidi. 5.30, Irish and Scottish Dance Music. 5.45, St. Teresa of Avila. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Tommy O'Brien and his Records. 8.1, Songs with Harp. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Ceannrodai Tionsclaioch in Eirinn sa 19u Cead. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Ad Lib. 11.15, Records.

Dé Sathairn—5.1, Organ Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, By the Mountain Streams of Ulster. 7.45, This Week at the United Nations. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, A Not So Green Mixture. 9.1, Invitation Concert. 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh — 10.30, Mass. 12.30, The Church in the World. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, An Coiciosan. 3.15, Ceolta Tire. 3.25, Iomanaiocht. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, This Showband Thing. 8.0, New Irish Plays: (1) A Clutch of Duck Eggs; (2) The Bitter Pill. 9.15, The Singing River. 9.30, The Years of the Great Test. 10.0, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital. 11.35, G.A.A. Results.

Dé Luan—5.01, Out of Doors. 5.15, Rhythm and Rhyme. 5.45, This Happened to Me. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Irleland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Question Time in Cork. 8.1, Seanchas an Cheoil. 8.30, The Irish Question (1840-1921). 8.45, Poetry Review. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Songs in the Night. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart—5.01, Heidi. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This is Your Business. 7.45, The Smile and the Tear. 8.1, A Woman's World. 8.30, Characters from Carleton. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Come All Ye Loyal Heroes.

Dé Ceadaoin—5.01, Frisk and Caucus. 5.15, Records For Children. 5.30, Birthday Time. 5.45, Children's Books. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements. Cattle Market Report. 6.45, Town Hall Tonight. 7.30, Break For Music. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Dublin Chamber Orchestra. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, And Then Came Sound. 11.0, Pop Call.

Oibriṫeoirí a ḃí ag caḃrú ins na tuillteaċa i mBealaċ Féiċ Dé Ceadaoine seo caite.

Liam Ó Ceallaiġ — "Laoċ na tuillteaċa" — i mBealaċ Féiċ.